II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/126 ÓN gCOIMISIÚN

**An 21 Deireadh Fómhair 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg i ndáil le fearann an tomhaltais a shonrú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais a sainaithníodh sna topaicí sonraithe ábhartha, sonróidh an Coimisiún líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i ndáil le fearann an tomhaltais (Suirbhé Buiséid Teaghlaigh, HBS).

(2) Is príomhionstraim í an HBS chun ualuithe a thiomsú do tháscairí maicreacnamaíocha tábhachtacha, amhail innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí agus na innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí mar aonaid tomhais boilscithe, chun críche na gcuntas náisiúnta freisin. Thairis sin, cuireann an HBS tuairiscí mionsonraithe ar fáil ar chaiteachas iomlán tomhaltais teaghlach príobháideach de réir saintréithe teaghlaigh amhail ioncam, tithíocht agus go leor tréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha, agus ar an gcaoi sin cuirtear faisnéis ar fáil maidir le dálaí maireachtála eacnamaíocha agus sóisialta teaghlach agus daoine aonair sna Ballstáit.

(3) Maidir le fearann an tomhaltais, ní rachaidh líon na n-athróg atá le bailiú níos mó ná 5 % thar líon na n-athróg a leagtar amach sa chéad ghníomh tarmligthe arna ghlacadh i ndáil leis an bhfearann sin. Is é seo an chéad ghníomh tarmligthe a ghlacadh i ndáil le fearann an tomhaltais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

San Iarscríbhinn leagtar amach líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i ndáil le fearann an tomhaltais.

([1]) IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Uimhir agus teideal na n-athróg i ndáil le fearann an tomhaltais**

| Topaic | Topaic mhionsonraithe | Aitheantóir na hathróige | Ainm na hathróige |
|---|---|---|---|
| **Míreanna teicniúla** | **Faisnéis maidir le bailiú sonraí**<br>*5 athróg theicniúla* | HA02 | Bliain/blianta an tsuirbhé |
| | | HC04C | Dáta an chéad agallaimh teaghlaigh |
| | | MB03C | Dáta an chéad agallaimh leis an mball teaghlaigh |
| | | HA06 | Sraith |
| | | HA07 | Aonad samplála príomhúil |
| | **Aitheantas**<br>*4 athróg theicniúla* | HA04 | Uimhir aitheantais an teaghlaigh (comhad HH) |
| | | MA04 | Uimhir aitheantais an teaghlaigh (comhad HH an bhaill) |
| | | MA05 | Uimhir aitheantais bhall an teaghlaigh (comhad HH an bhaill) |
| | | HA13 | Uimhir aitheantais bhall an teaghlaigh a thugann freagra ar cheistneoir an teaghlaigh |
| | **Ualuithe**<br>*1 athróg theicniúla* | HA10 | Meáchan deiridh |
| | **Tréithe an agallaimh**<br>*3 athróg theicniúla* | HA11 | An modh agallaimh a úsáideadh (agallamh teaghlaigh) |
| | | MA11 | An modh agallaimh a úsáideadh (agallamh aonair) |
| | | HA12 | An modh agallaimh a úsáideadh (dialann) |
| | **Logánú**<br>*3 athróg theicniúla* | MB012 | Tír chónaithe |
| | | HA08 | Réigiún cónaithe |
| | | HA09 | Leibhéal an uirbithe |
| **Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh** | *Déimeagrafaíocht*<br>*4 n-athróg a bailíodh*<br>*1 athróg dhíorthaithe* | MB02 | Inscne an bhaill teaghlaigh |
| | | MB03 | Aois (i mblianta críochnaithe) an bhaill teaghlaigh |
| | | MB03A | Bliain bhreithe |
| | | MB03B | Breithlá na bliana seo thart ar dháta an chéad agallaimh |
| | | MB04 | Stádas pósta an bhaill teaghlaigh |
| | **Saoránacht agus stádas imirce**<br>*4 n-athróg a bailíodh* | MB01 | Tír bhreithe |
| | | MB011 | Tír na príomhshaoránachta |
| | | MB01F | Tír bhreithe an athair |
| | | MB01M | Tír bhreithe na máthar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Comhdhéanamh an teaghlaigh**<br>*1 athróg a bailíodh*<br>*1 athróg dhíorthaithe* | MBGRIDXX | An greille tí |
| | | MB042 | Páirtithe atá ina gcónaí sa teaghlach céanna |
| **Sláinte: stádas agus míchumas, rochtain ar chúram sláinte, infhaighteacht agus úsáid an chúraim sláinte agus na deitéarmanaint sláinte** | **Míchumas agus gnéithe eile den Mhodúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte**<br>*3 n-athróg a bailíodh* | MH01 | Sláinte ghinearálta fhéinbhraite |
| | | MH02 | Fadhbanna sláinte seanbhunaithe |
| | | MH03 | Srian ar ghníomhaíochtaí de dheasca fadhbanna sláinte |
| **Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair** | **Stádas príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)**<br>*1 athróg a bailíodh* | ME01A | Stádas na príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe) |
| | **Saintréithe bunúsacha an phoist**<br>*5 n-athróg a bailíodh* | ME0908 | Gairm sa phríomhphost |
| | | ME04 | Gníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid áitiúil (an príomhphost) |
| | | ME02 | Príomhphost: lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe) |
| | | ME12 | Stádas fostaíochta sa phríomhphost |
| | | ME13 | Earnáil gairme beatha an bhaill teaghlaigh |
| **Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais** | **Leibhéal gnóthachtála oideachais**<br>*1 athróg a bailíodh* | MC01 | Leibhéal gnóthachtála oideachais is airde |
| **Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh** | **Comhdhéanamh an teaghlaigh – sonraí sonracha breise**<br>*2 athróg dhíorthaithe* | HB05 | Méid an teaghlaigh |
| | | HB075 | Cineál teaghlaigh |
| **Dálaí maireachtála, lena n-áirítear díth maoine, tithíocht, timpeallacht maireachtála agus rochtain ar sheirbhísí** | **Príomh-shaintréithe tithíochta**<br>*3 n-athróg a bailíodh* | HD01 | Stádas tionachta an teaghlaigh |
| | | HD03 | Cineál teaghaise |
| | | HD06 | An líon seomraí atá ar fáil don teaghlach |
| **Rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint** | **Rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint (faoi láthair)**<br>*2 athróg a bailíodh* | MC02A | Rannpháirtíocht san oideachas foirmiúil agus san oiliúint fhoirmiúil |
| | | MC02B | Leibhéal na gníomhaíochta oideachais fhoirmiúil nó oiliúna foirmiúla atá ar siúl faoi láthair nó is déanaí a rinneadh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair** | **Fad an chonartha**<br>*1 athróg a bailíodh* | ME03A | Buaine an phríomhphoist |
| **Ioncam, tomhaltas agus gnéithe rachmais, lena n-áirítear fiacha** | **Ioncam bliantúil iomlán ag leibhéal na ndaoine agus na dteaghlach**<br>*1 athróg a bailíodh*<br>*1 athróg dhíorthaithe* | MF099 | Glanioncam bliantúil iomlán ó gach foinse, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgeadaíochta, an bhaill teaghlaigh |
| | | HH099 | Glanioncam bliantúil iomlán ó gach foinse, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgeadaíochta |
| | **Príomhchodanna ioncaim**<br>*3 n-athróg a bailíodh* | HH011 | Glan-ioncam míosúil teaghlaigh reatha |
| | | HH095 | Glanioncam bliantúil airgeadaíochta ó gach foinse |
| | | HH012 | Ioncam comhchineáil ó fhostaíocht |
| | **Ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí neamhthuarastail**<br>*1 athróg a bailíodh* | HH023 | Ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí neamhthuarastail |
| | **Cíos barúlach**<br>*1 athróg a bailíodh* | HH032 | Cíos barúlach |
| | **Príomhfhoinse ioncaim**<br>*1 athróg a bailíodh* | HI11 | Príomhfhoinse ioncaim |
| | **Gnéithe rachmais, lena n-áirítear úinéireacht teaghaise**<br>*2 n-athróg a bailíodh* | HW10 | Luach na príomháite cónaithe |
| | | HW20 | Coigilteas (i ngnáth-mhí) |
| | **Cánacha agus ranníocaíochtaí**<br>*1 athróg a bailíodh* | HW30 | Cáin ar ioncam agus ar ranníocaíochtaí árachais shóisialta |
| | **Fiachas**<br>*2 n-athróg a bailíodh* | HW40 | Iomlán atá fágtha le haisíoc ar an morgáiste ar an bpríomháit chónaithe |
| | | HW50 | Príomhshuim mhíosúil agus aisíocaíochtaí úis an mhorgáiste |
| | **Riaráistí**<br>*1 athróg a bailíodh* | HW60 | Riaráistí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Tomhaltas de réir aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (COICOP)** ([1])<br>*507 n-athróg a bailíodh* | HE01A | Bia agus deochanna neamh-mheisciúla |
| | | HE02A | Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh |
| | | HE03A | Éadaí agus coisbheart |
| | | HE04A | Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile |
| | | HE05A | Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí |
| | | HE06A | An tSláinte |
| | | HE07A | Iompar |
| | | HE08A | Faisnéis agus cumarsáid |
| | | HE09A | Áineas, spórt agus cultúr |
| | | HE10A | Seirbhísí oideachais |
| | | HE11A | Bialanna agus seirbhísí cóiríochta |
| | | HE12A | Seirbhísí árachais agus pinsin |
| | | HE13A | Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha |
| | **Tomhaltas dílis**<br>*13 n-athróg a bailíodh* | HE01B | Bia agus deochanna neamh-mheisciúla |
| | | HE02B | Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh |
| | | HE03B | Éadaí agus coisbheart |
| | | HE04B | Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile |
| | | HE05B | Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí |
| | | HE06B | An tSláinte |
| | | HE07B | Iompar |
| | | HE08B | Faisnéis agus cumarsáid |
| | | HE09B | Áineas, spórt agus cultúr |
| | | HE10B | Seirbhísí oideachais |
| | | HE11B | Bialanna agus seirbhísí cóiríochta |
| | | HE12B | Seirbhísí árachais agus pinsin |
| | | HE13B | Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Caiteachas trasteorann ar thomhaltas de réir COICOP**<br>*13 n-athróg a bailíodh* | HJ01 | Bia agus deochanna neamh-mheisciúla |
| | | HJ02 | Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh |
| | | HJ03 | Éadaí agus coisbheart |
| | | HJ04 | Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile |
| | | HJ05 | Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí |
| | | HJ06 | An tSláinte |
| | | HJ07 | Iompar |
| | | HJ08 | Faisnéis agus cumarsáid |
| | | HJ09 | Áineas, spórt agus cultúr |
| | | HJ10 | Seirbhísí oideachais |
| | | HJ11 | Bialanna agus seirbhísí cóiríochta |
| | | HJ12 | Seirbhísí árachais agus pinsin |
| | | HJ13 | Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha |
| | **Cainníochtaí** [2] *(roghnach)*<br>*82 n-athróg a bailíodh* | HQ01 | Bia agus deochanna neamh-mheisciúla |
| | | HQ02 | Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh |

[1] Tarchuirfear tomhaltas airgeadaíochta de réir aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra ar leibhéal 5-dhigit COICOP

[2] Déanfar cainníochtaí a tharchur maidir le grúpaí "Deochanna bia agus deochanna neamh-mheisciúla" agus "Deochanna alcólacha, tobac agus támhshuanaigh" ar leibhéal 5-dhigit COICOP.